RIALACHÁN (AE) 2022/1923 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad ascorbach (E 300), ascorbáit shóidiam (E 301) agus ascorbáit chailciam (E 302) a úsáid i dtuinnín

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bia atá formheasta le húsáid i mbia agus coinníollacha a n-úsáide.

(2) Féadfar an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar thionscnamh an Choimisiúin ([2]) nó tar éis iarratas a fháil.

(3) De bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, údaraítear aigéad ascorbach (E 300), ascorbáit sóidiam (E 301) agus ascorbáit chailciam (E 302) ("na breiseáin bia") faoi láthair mar bhreiseáin bia in, i measc catagóirí eile, catagóir 09.1.1 "Éisc neamhphróiseáilte" agus catagóir 09.2 "Éisc nó táirgí iascaigh próiseáilte lena n-áirítear moilisc agus crústaigh", ag *quantum satis*. Mheas an Coiste Eolaíoch um Bia go raibh a n-úsáid mar fhrithocsaídeoirí inghlactha. Sa tuairim eolaíoch uaidh lena rinneadh athmheastóireacht ar shábháilteacht na mbreiseán bia ([3]), dheimhnigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") nach bhfuil aon ábhar imní ann ó thaobh na sábháilteachta de maidir lena n-úsáid mar bhreiseáin bia i leith na n-úsáidí agus ar na leibhéil úsáide a thuairiscítear agus nach bhfuil gá le hiontógáil uimhriúil laethúil inghlactha. Is éard is ciall le conclúid dá leithéid gur ábhar imní an-bheag é an tsubstaint ó thaobh na sábháilteachta de, go bhfuil faisnéis iontaofa ann maidir le nochtadh agus maidir le tocsaineacht agus go bhfuil dóchúlacht íseal ann go mbeidh éifeacht dhíobhálach ar shláinte an duine ag dáileoga nach cúis neamhchothroime chothaithe in ainmhithe iad. Faoi láthair, ní leagtar síos aon uasleibhéal uimhriúil i leith na mbreiseán bia sin agus tá siad le húsáid i gcomhréir leis an dea-chleachtais mhonaraithe, ar leibhéal nach bhfuil níos airde ná an leibhéal is gá chun an cuspóir beartaithe a bhaint amach agus ar choinníoll nach gcuirtear an tomhaltóir ar míthreoir.

(4) In éisc neamhphróiseáilte, úsáidtear frithocsaídeoirí chun moill a chur ar dhídhathú na feola agus ar theacht chun cinn na bréine. Maidir le tuinnín neamhphróiseáilte, déanann na tomhaltóirí ceangal idir an dath dearg a bhíonn ar fheoil úr tuinnín agus an úire féin.

(5) Tá luanta tuinnín díreoite a mhargaítear mar thuinnín "úr" le fáil ó thuinnín a reoitear ag teocht faoi bhun -18 °C tar éis a ghabháil ("tuinnín úr"), agus níl luanta tuinníní díreoite eile le húsáid ach amháin le cur i gcannaí ("tuinnín le cur i gcannaí"), i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Nuair a bhaintear úsáid as breiseáin bia i dtuinnín le cur i gcannaí i méideanna móra chun dath fheoil an tuinnín úir a thabhairt ar ais go saorga, bíonn an deis ann an tuinnín sin le cur i gcannaí a mhargú go calaoiseach mar thuinnín úr, agus é a dhíol ar phraghas níos airde, rud a chuireann na tomhaltóirí ar míthreoir maidir leis an táirge agus a nochtann iad do riosca nimhithe hiostaimín.

(6) Ní chomhlíonann úsáid sin na mbreiseán bia na coinníollacha ginearálta maidir le breiseáin bia a chur ar liostaí an Aontais agus a úsáid, áfach, ná prionsabal an *quantum satis*.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 1).

([3]) EFSA Journal [*Iris EFSA*] 2015;13(5):4087, 124 lch.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

(7) Tar éis imscrúduithe maidir le calaois bia faoi Rialachán (CE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), tuairiscíonn údaráis inniúla go rialta cásanna ina bhfaightear amach go bhfuil na breiseáin bia i luanta tuinnín a dhíoltar mar thuinnín úr i méideanna níos airde ná na méideanna a mheasann na húdaráis inniúla sin is gá chun an éifeacht thipiciúil frithocsaídeora ar thuinnín úr a bhaint amach. Ar bhonn an mhéid sin, tá amhras ar na húdaráis inniúla go bhfuil na breiseáin bia á n-úsáid ar thuinnín le cur i gcannaí chun a dhath a thabhairt ar ais agus chun é a chur ar an margadh mar thuinnín úr.

(8) Ós rud é gur faoi na húdaráis inniúla náisiúnta atá sé a shuíomh nár comhlíonadh prionsabal an *quantum satis* agus go bhféadfadh sé sin a bheith deacair, d'iarr na Ballstáit, agus go háirithe an Spáinn, ar an gCoimisiún uasleibhéal iomchuí a leagan síos le haghaidh úsáid na mbreiseán bia mar fhrithocsaídeoirí i dtuinnín díreoite a dhíoltar mar thuinnín úr (neamhphróiseáilte) nó mar thuinnín maranáidithe (próiseáilte).

(9) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, agus d'fhonn ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus cleachtais chothroma a áirithiú i dtrádáil bia, is iomchuí, dá bhrí sin, uasleibhéal úsáide a shocrú i dtuinnín i leith na mbreiseán i gcatagóirí bhia 09.1.1 agus 09.2 i gCuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(10) Leis an uasleibhéal, ba cheart gur féidir na leibhéil reatha úsáide dlisteanaí a choinneáil i gcomhréir le dea-chleachtais mhonaraíochta. Ar bhonn na faisnéise a chuir an tionscal ar fáil don Údarás i bhfianaise na hathmheastóireachta ar shábháilteacht na mbreiseán bia, meastar go bhfuil uasleibhéal 300 mg/kg iomchuí. Is é an leibhéal sin an leibhéal úsáide is airde a thuairiscíonn an tionscal, de réir mar atá liostaithe sa tuairim eolaíoch ón Údarás.

(11) Cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi staidéir a rinne tionscal an iascaigh agus faoi thuairim ó údarás inniúil amháin a tháinig ar an gconclúid gur gá 900 mg/kg de bhreiseáin bia a úsáid chun ocsaídiú a rialú i luanta tuinnín a choinnítear faoi bhun 4 °C ar feadh 10 lá. Mar sin féin, i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, agus go háirithe ós rud é gur léirigh rialuithe oifigiúla a rinne roinnt údarás inniúla eile gur féidir seilfré 10 lá a bhaint amach do thuinnín díreoite le cóireáil ag 300 mg/kg gan athrú a theacht ar an dath tosaigh, is cosúil gur leor an leibhéal 300 mg/kg chun an éifeacht frithocsaídeora inmhianaithe a bhaint amach.

(12) Ní dócha go mbeidh tionchar ar shláinte an duine de dheasca uasleibhéal a shocrú maidir le haigéad ascorbach (E 300), ascorbáit shóidiam (E 301) agus ascorbáit chailciam (E 302) a úsáid mar fhrithocsaídeoirí i dtuinnín. Dá bhrí sin, faoi Airteagal 3(2), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ní gá tuairim a iarraidh ón Údarás.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a leasú dá réir sin.

(14) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([5]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(i) i gcatagóir bhia 09.1.1 "Éisc neamhphróiseáilte", cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas idir an iontráil le haghaidh E 302 Ascorbáit chailciam agus an iontráil le haghaidh E 315 Aigéad eireatorbach:

	"E 300	Aigéad ascorbach	300 mg/kg	(96)	tuinnín amháin
	E 301	Ascorbáit shóidiam	300 mg/kg	(96)	tuinnín amháin
	E 302	Ascorbáit chailciam	300 mg/kg	(96)	tuinnín amháin

(96): Údaraítear E 300, E 301 agus E 302 ina n-aonar nó i gcomhcheangal; beidh feidhm ag an uasteorainn maidir leis an tsuim arna sloinneadh mar aigéad ascorbach";

(ii) i gcatagóir bhia 09.2 "Éisc nó táirgí iascaigh próiseáilte lena n-áirítear moilisc agus crústaigh", cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas idir an iontráil le haghaidh E 251-252 Níotráití agus E 315 Aigéad eireatorbach:

	"E 300	Aigéad ascorbach	300 mg/kg	(96)	tuinnín amháin
	E 301	Ascorbáit shóidiam	300 mg/kg	(96)	tuinnín amháin
	E 302	Ascorbáit chailciam	300 mg/kg	(96)	tuinnín amháin

(96): Údaraítear E 300, E 301 agus E 302 ina n-aonar nó i gcomhcheangal; beidh feidhm ag an uasteorainn maidir leis an tsuim arna sloinneadh mar aigéad ascorbach".